# Tairseach Mo Chiste don Todhchaí
# Próiseas Cláraithe Fostóra
# Treoir Mhearthagartha

## Céim 1: Faigh rochtain ar an tairseach

- Téigh chuig [https://myfuturefund.ie/](https://myfuturefund.ie/)
- Roghnaigh 'Fostóir/Gníomhaire'




## Céim 2: Logáil isteach le Teastas ROS

- Cliceáil 'Logáil isteach le ROS': Beidh ort do dheimhniú ROS a íoslódáil ón ríomhaire ar a bhfuil tú ag clárú
- Roghnaigh do theastas ROS, cuir isteach do phasfhocal agus roghnaigh fíordheimhniú.




## Céim 3: Údaraigh an Rochtain

- Don chéad logáil isteach beidh ort rochtain a údarú > Cliceáil Údarú



### Céim 4: Cuir isteach Uimhir Chláraithe an Fhostóra

- Is féidir an uimhir seo a fháil i do bhogearraí párolla nó ar ROS




### Céim 5: Glac leis na Téarmaí agus Coinníollacha

- Roghnaigh 'Tosaigh' faoi Théarmaí & Coinníollacha




- Deimhnigh an comhaontú agus lean ar aghaidh




### Céim 6: Comhlánaigh Próifíl na Cuideachta

Roghnaigh 'Lean ar aghaidh' faoi 'Comhlánaigh próifíl na cuideachta' agus cuir isteach na sonraí ábhartha:

- Ainm na cuideachta: Ainm na scoile faoi ainm na cuideachta
- Earnáil ghnó: Roghnaigh Oideachas




- Líon na bhfostóirí: Roghnaigh an banda a léiríonn líon na bhfostaithe a íoctar ar phárolla na scoile.



## Céim 7: Cuir isteach an tÉirchód le seoladh na scoile a thabhairt aníos agus roghnaigh 'lean ar aghaidh'.




## Céim 8: Cuir duine teagmhála leis

- Ba cheart gurb é seo an duine a bhfuil an párolla á oibriú aige agus gur féidir le NAERSA teagmháil a dhéanamh leis más gá. Cuir isteach sonraí agus roghnaigh 'Sábháil agus lean ar aghaidh'




## Céim 9: Socraigh Modh Íocaíochta

- Roghnaigh 'Dochar Díreach'
- Roghnaigh 'Níl' le haghaidh 'An tusa an sealbhóir cuntais agus an t-aon sínitheoir….',
- Cliceáil 'Sábháil agus Lean ar aghaidh'




## Céim 10: Íoslódáil agus Seol Ar Ais an Sainordú Bainc

- Íoslódáil an sainordú
- Cinntigh go síníonn beirt sínitheoirí bainc údaraithe é de réir an tsainordaithe bainc
- Seol chuig an seoladh atá léirithe ar an bhfoirm é
- Cliceáil 'Sábháil agus Cuir Isteach'




## Céim 11: Clárú Críochnaithe

- Roghnaigh 'Críochnaigh' chun filleadh ar Dheais na bhFostóirí




## Céim 12: Déan athbhreithniú ar Liosta na bhFostaithe

- Ar dheais an fhostóra is féidir leat cliceáil ar 'Féach ar fhostaithe cláraithe (AEPN)' leis na fostaithe atá cláraithe sa scéim a fheiceáil.




- Is féidir leat athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na bhfostaithe dóibh siúd atá cláraithe agus dóibh siúd atá díolmhaithe faoi láthair.

- Má tá iar-fhostaithe liostaithe nach bhfuil á n-íoc agat a thuilleadh, is féidir leat a gcuid fostaíochta a scor ar do phacáiste párolla, agus déanfar an córas a nuashonrú leis seo tar éis do chéad rith párolla eile. Mar sin

féin, ní fadhb í seo i gcás uathchláraithe óir mura bhfuil tú ag íoc na ndaoine sin, ní bheidh aon ranníocaíochtaí uathchláraithe dlite.




## Fiosruithe

Is féidir aon cheisteanna, soiléirithe nó fadhbanna leis an tairseach a chur chuig:

- Déan comhrá le seirbhís comhrá gréasáin Mo Chiste Don Todhchaí ar a suíomh Gréasáin MyFutureFund.ie.
- Cuir glaoch ar 01 568 9555, Luan-Aoine, 9am go 6pm (gan laethanta saoire poiblí ná laethanta saoire bainc san áireamh).